Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4777

29.7.2024

**Fógra le haghaidh na ndaoine agus an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2010/788 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/2064 ón gComhairle agus i Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2065 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

(C/2024/4777)

Dírítear aird na ndaoine agus an eintitis a luaitear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2010/788 ón gComhairle (1), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/2064 ón gComhairle (2), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle (3), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2065 ón gComhairle (4), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine agus an t-eintiteas sin a chur ar liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2010/788 agus i Rialachán (CE) 1183/2005. Tugtar na forais leis na daoine sin agus leis an eintiteas sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hiarscríbhinní siúd.

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) 1183/2005, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh **an 1 Meán Fómhair 2024**, ag an seoladh seo a leanas: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Ardrúnaíocht
RELEX.1.C
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críche an chéad athbhreithnithe eile ón gComhairle, de bhun Airteagal 9 de Chinneadh 2010/788/CBES.

(1) IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.
(2) IO L, 2024/2064, 26.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2064/oj.
(3) IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.
(4) IO L, 2024/2065, 26.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2065/oj.